Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 13 Iúil 2021**
**(OR. en)**

**10726/21**

**ENFOPOL 282**
**CRIMORG 68**
**IXIM 148**
**COSI 145**
**JAI 867**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| An: | 13 Iúil 2021 |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 10168/21 |
| Ábhar: | Conclúidí ón gComhairle maidir le pointí fócais náisiúnta arm tine a chur chun feidhme i mBallstáit an Aontais<br>– *Conclúidí ón gComhairle* (an 13 Iúil 2021) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san iarscríbhinn a ghabhann leis seo, na conclúidí ón gComhairle maidir le pointí fócais náisiúnta arm tine a chur chun feidhme, a d'fhormheas an Chomhairle (Gnóthaí Eacnamaíocha agus Airgeadais) ag an 3808ú cruinniú a bhí aici an 13 Iúil 2021.

**Conclúidí ón gComhairle maidir le pointí fócais náisiúnta arm tine a chur chun feidhme i mBallstáit an Aontais.**

MAIDIR LE COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 3(2) de.

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagail 67 go 89 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

1. De bhun Airteagal 3 CAE, tairgfidh an tAontas dá shaoránaigh limistéar saoirse, slándála agus ceartais, gan teorainneacha inmheánacha, ina n-áiritheofar saorghluaiseacht daoine i dteannta le bearta iomchuí i ndáil le rialuithe ar theorainneacha seachtracha, tearmann agus inimirce, maille leis an gcoirpeacht a chosc agus a chomhrac.

2. Ó 2013 i leith, bhí comhrac na gáinneála ar airm thine ar cheann de thosaíochtaí thimthriall beartais an Aontais do choireacht idirnáisiúnta eagraithe thromchúiseach, le linn thimthriall 2014-2017 agus thimthriall reatha 2018-2021. Trí gháinneáil ar airm thine a dhaingniú mar thosaíocht de chuid EMPACT don chéad timthriall 2022-2025 eile, léirítear an tábhacht a leagann na Ballstáit ar an mbagairt sin.

3. I Straitéis an Aontais in aghaidh airm thine, mionairm agus airm éadroma aindleathacha agus a n-armlón dar teideal *Securing Arms, Protecting Citizens* [Airm a dhaingniú, saoránaigh a chosaint][1], luaitear an méid seo a leanas faoin gcaibidil *Compliance through monitoring and enforcement - operational cooperation* [Comhlíonadh trí fhaireachán agus forfheidhmiú - comhar oibríochtúil]: *the EU will improve cross-border cooperation between judicial and law-enforcement authorities, encourage the relevant Member State authorities, including customs authorities, to establish national focal points on firearms, produce better analysis of all information available in the area of illicit firearms and ensure full participation in the exchange of information with Europol in the area of firearms trafficking* [Déanfaidh an tAontas an comhar trasteorann idir na húdaráis bhreithiúnacha agus na húdaráis forfheidhmithe dlí a fheabhsú, a mholadh d'údaráis ábhartha na mBallstát, lena n-áirítear na húdaráis chustaim, pointí fócais náisiúnta arm tine a bhunú, anailís níos fearr a dhéanamh ar an bhfaisnéis go léir atá ar fáil i réimse na n-arm tine aindleathach agus rannpháirtíocht iomlán a áirithiú i malartú na faisnéise le Europol i réimse na gáinneála ar airm thine]. D'fhormhuinigh an Chomhairle an Straitéis seo[2].

[1] JOIN(2018) 17 final, an 1.6.2018.
[2] Conclúidí ón gComhairle an 19 Samhain 2018 (13581/18).

4. In 2018, d'fhormhuinigh an Mheitheal um Fhorfheidhmiú an Dlí an treoir ó EFE/EMPACT dar teideal *Best practice guidance for the creation of National Firearms Focal Points* [Treoir maidir le dea-chleachtas chun pointí fócais náisiúnta arm tine a chruthú][3], agus tugadh treoir shonrach maidir le tascanna, rochtain ar bhunachair sonraí, leibhéil foirne, suíomhanna agus feidhmeanna.

5. Sa phlean gníomhaíochta dar teideal *2020-25 EU Action Plan on firearms trafficking* [Plean Gníomhaíochta 2020-25 an Aontais maidir le gáinneáil ar airm thine][4], tathantaíonn an Coimisiún Eorpach ar na Ballstáit agus ar chomhpháirtithe oirdheisceart na hEorpa bunú pointí fócais arm tine agus foireann iomlán oilte a thabhairt chun críche i ngach dlínse, mar a mholtar sna híoscheanglais sa treoir maidir le dea-chleachtas chun pointí fócais náisiúnta arm tine a chruthú agus san ionchur ó shaineolaithe náisiúnta. Ba cheart pointí fócais mar sin a bheith bainteach go córasach le cur chun feidhme chlár gníomhaíochta na Náisiún Aontaithe maidir le mionairm agus airm éadroma agus leis an ionstraim idirnáisiúnta rianaithe. Chun comhar ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal idirnáisiúnta a éascú, foilseoidh an Coimisiún scórchlár de na pointí fócais sin, ina leagfar amach go soiléir a sonraí teagmhála agus a n-inniúlachtaí agus na treoirlínte le haghaidh bunachair sonraí agus malartú sonraí (leath) uathoibrithe i measc na bpointí fócais náisiúnta arm tine.

6. I mí na Nollag 2020, cuireadh liosta pointí teagmhála na bpointí fócais náisiúnta arm tine leis an lámhleabhar nuashonraithe maidir le malartú faisnéise fhorfheidhmiú an dlí, faoi chuimsiú na Meithle um Malartú Faisnéise agus um Chosaint Sonraí[5], i gcás ina bhféadfadh na húsáideoirí sonraí teagmhála agus feidhmeanna na bpointí fócais náisiúnta arm tine a sheiceáil, i measc nithe eile.

7. Mar phríomhchúraimí na bpointí fócais náisiúnta arm tine, bailítear anailísí agus cuirtear feabhas ar an sreabhadh faisnéise maidir le húsáid choiriúil arm tine agus gáinneáil aindleathach ar airm thine isteach sna Ballstáit agus laistigh de na Ballstáit, agus trasna an Aontais, ar leibhéal straitéiseach agus oibríochtúil trí fhaisnéis a bhailiú agus a chomhroinnt ar bhealach comhordaithe chun feabhas a chur ar an léargas faisnéise agus chun eolas níos fearr a thabhairt do ghníomhaireachtaí forfheidhmithe dlí;

8. Eiseoidh an Coimisiún Eorpach treoirlínte maidir leis na sonraí atá le bailiú, cineál na mbunachar sonraí agus an fhormáid malartaithe sonraí atá le húsáid.

---

3 8586/18: *networks and expert groups related to LEWP - EFE* [líonraí agus sainghrúpaí a bhaineann le LEWP - EFE].

4 https://ec.europa.eu/home-affairs/sites/default/files/what-we-do/policies/european-agenda-security/20200724_com-2020-608-commission-communication_en.pdf

5 5825/20 ADD 1 REV1

Agus aird á tabhairt ar acmhainní náisiúnta agus ar struchtúir eagraíochtúla difriúla, leis seo, molann Comhairle an Aontais Eorpaigh do na Ballstáit an méid seo a leanas a dhéanamh:

1. Na heintitis iomchuí a ainmniú ar an leibhéal náisiúnta, chun na tascanna a léirítear sna moltaí maidir leis an treoir is fearr ó EFE/EMPACT a chomhlíonadh, chun cur chuige cuimsitheach maidir le dlúthrialú arm tine a chur ar fáil. Féadfaidh an t-eintiteas ainmnithe sa lámhleabhar maidir le malartú faisnéise fhorfheidhmiú an dlí tascanna na bpointí fócais náisiúnta arm tine a chomhlíonadh;

2. Na heintitis sin a chomhtháthú sna riaracháin náisiúnta chomhfhreagracha, de réir na n-inniúlachtaí náisiúnta maidir le dlúthrialú arm tine, ionas go gcruthófar struchtúr lenar féidir ról na bpointí fócais náisiúnta arm tine a chomhlíonadh, gan dochar don fhéidearthacht tascanna difriúla a shannadh do níos mó ná aon eintiteas amháin. Moltar go láidir go bhfeidhmeoidh na heintitis sin ar bhonn na dtreoirlínte le haghaidh na bpointí fócais náisiúnta arm tine maidir leis na sonraí a bhailítear, cineál na mbunachar sonraí agus an fhormáid a úsáidtear le haghaidh malartú sonraí;

3. Obair a dhéanamh chun na hinniúlachtaí dlíthiúla riachtanacha a chur ar fáil do phointí fócais náisiúnta arm tine chun a dtascanna a chomhlíonadh, go háirithe i ndáil leis an méid seo a leanas:

   - Stóras sonraí a bhunú le haghaidh faisnéis a bhaineann le hairm thine, idir fhaisnéis choiriúil agus bhalaistíoch,

   - Stóras sonraí a bhunú le haghaidh airm thine caillte, goidte agus aisghafa;

   - Na hairm thine ar fad a urghabhadh a rianú, nuair is féidir, ón monaróir go dtí an t-úinéir dlíthiúil deireanach,

   - Anailís a dhéanamh ar shonraí rianaithe na n-arm tine a urghabhadh chun cineál, déanamh, samhail, cailibre agus tír monaraithe airm tine a shainaithint,

   - Anailís a dhéanamh ar airm thine a urghabhadh chun cineál, déanamh, samhail, cailibre agus tír a monaraithe, sraithuimhir (más ann di), gnéithe speisialta arm tine athchóirithe agus modhnuithe a shainaithint,

   - Sonraí, staidreamh, faisnéis, measúnuithe agus tuarascálacha a chur ar fáil lena n-úsáid sna Ballstáit,

   - Feidhmiú mar phointe teagmhála teicniúil le hOifig na Náisiún Aontaithe i leith Drugaí agus Coireachta,

- Ceanglais cheistneoir na Náisiún Aontaithe maidir le sreabha aindleathacha a chomhlíonadh,

- An comhar idirnáisiúnta a chur chun cinn.

4. I gcás inarb iomchuí, a áirithiú go mbaileoidh na pointí fócais náisiúnta arm tine an fhaisnéis uile a bhaineann le hairm thine neamhdhleathacha a urghabhadh sna Ballstáit, inrianaitheacht na n-arm tine ina dhiaidh sin agus an anailís bhalaistíoch lena mbaineann, nuair is féidir sin a dhéanamh ar bhonn teicniúil.

5. Pointí fócais náisiúnta arm tine a ainmniú mar phointí fócais ar an leibhéal náisiúnta le haghaidh cheistneoir na Náisiún Aontaithe maidir le sreabha aindleathacha, chun táscaire 16.4.2 le haghaidh na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe a chomhlíonadh, ina luaitear *Proportion of seized, found or surrendered arms whose illicit origin or context has been traced or established by a competent authority in line with international instruments* [Cion na n-arm a urghabhadh, a aimsíodh nó a tugadh suas a ndearna údarás inniúil a dtionscnamh nó a n-úsáid aindleathach a rianú nó a shuí i gcomhréir le hionstraimí idirnáisiúnta].[6]

6. Baint chórasach a bheith ag pointí fócais náisiúnta arm tine mar sin le cur chun feidhme chlár gníomhaíochta na Náisiún Aontaithe maidir le mionairm agus airm éadroma agus go háirithe mar phointí fócais le haghaidh chur chun feidhme na hionstraime idirnáisiúnta rianaithe.

Leis seo, iarrann sí ar na Ballstáit leas iomlán a bhaint as an tacaíocht a chuirtear ar fáil trí chiste slándála inmheánach an Aontais chun acmhainneachtaí náisiúnta a fhorbairt i ndáil le pointí fócais náisiúnta arm tine.

---

[6] https://www.unodc.org/unodc/en/data-and-analysis/statistics/crime/iafq.html#:~:text=United%20Nations%20Illicit%20Arms%20Flows%20Questionnaire%20(UN%2DIAFQ)&text=2%2C%20which%20reads%20%22Proportion%20of,in%20line%20with%20international%20instruments%22.